

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN BORD RÉITIGH AONAIR

Fógra maidir le Fógra ón mBord Réitigh Aonair an 2 Lúnasa 2018 i ndáil lena réamhchinneadh ar cé acu an gá cúiteamh a dheonú do na scairsealbhóirí agus creidiúnaithe a raibh feidhm curtha i gcrích ina leith ar na gníomhaíochtaí réitigh a bhaineann le *Banco Popular Español S.A.* agus maidir le seoladh phróiseas an chirt éisteachta (SRB/EES/2018/132)(an “Fógra”)

(2018/C 277 I/01)

Trí mheán an Fhógra, déanann an Bord Réitigh Aonair réamhchinneadh nach bhfuil ceanglas air cúiteamh a dheonú de bhun Airteagal 76(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ⁽¹⁾ do na scairsealbhóirí agus creidiúnaithe a raibh feidhm curtha i gcrích ina leith ar na gníomhaíochtaí réitigh a bhaineann le *Banco Popular Español S.A.* (“Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo”). D’fhonn a chinneadh deiridh a dhéanamh ina leith seo, seolann an BRA próiseas an chirt éisteachta.

Achoimre ar an bhFógra ón mBord Réitigh Aonair

Ar an 7 Meitheamh 2017, ghlac an Bord Réitigh Aonair (“BRA”) le cinneadh a bhaineann le glacadh le scéim réitigh i ndáil le *Banco Popular Español S.A.* (“Institiúid”) ⁽²⁾, scéim ar thacaigh an Coimisiún Eorpach léi ⁽³⁾. De bhun Airteagal 5 agus Airteagal 6 den chinneadh sin, bhí sa ghníomhaíocht réitigh i leith na hInstitiúide feidhmiú dhíol na huirliise gnó chun na scaireanna san Institiúid a aistriú chuig *Banco Santander SA* (faoi Airteagal 24(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014), tar éis na cumhachtaí a chur i bhfeidhm ionstraimí caipitil na hInstitiúide a díluacháil agus a chomhshó (faoi Airteagal 21 den Rialachán sin).

Ar chur i bhfeidhm na gníomhaíochta réitigh thuas ag FROB (Údarás Náisiúnta Réitigh na Spáinne), i gcomhréir le hAirteagal 20(16) agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) 2018/344 ⁽⁴⁾, bhí ceanglas ar an BRA a áirithiú go ndéanfaidh luachálaí neamhspleách luacháil, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu an gcaithfí níos fearr le Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo dá gcuirfeadh an Institiúid gnáthnósanna imeachta dócmhainneachta i bhfeidhm (“Luacháil ar an difríocht sa chaitheamh” nó “Luacháil 3”).

Is é Deloitte an luachálaí neamhspleách a fhostaítear chun na luachálacha riachtanacha a dhéanamh sa chomhthéacs de réiteach na hInstitiúide. Ar an 14 Meitheamh 2018 ⁽⁵⁾, fuair an BRA sa phost tuarascáil deiridh de chuid Deloitte ar Luacháil na difríochta sa chaitheamh maidir le réiteach na hInstitiúide (“Tuarascáil Luacháil 3”), atá ceangailte leis an bhFógra mar Iarscríbhinn 1.

De thoradh Thuarascáil Luacháil 3 nach bhfuil aon difríocht idir caitheamh iarbhair leis na Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo agus an dóigh a gcaithfí leo dá mbeadh an Institiúid faoi réir gnáthnósanna imeachta dócmhainneachta ar dháta an réitigh. I bhfianaise an mhéid sin thuas, déanann an BRA, san Fhógra, réamhchinneadh nach bhfuil ceanglas air cúiteamh a dheonú do na Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo de bhun Airteagal 76(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le hInstitiúidí creidmheasa agus gnólaigh infheistíochta ar leith a réiteach sa chreat de Shásra Réitigh Aonair agus de Chiste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch.1).

⁽²⁾ SRB/EES/2017/08 (IO C 222, 11.7.2017, lch. 3).

⁽³⁾ Cinneadh ón gCoimisiún (AE) 2017/1246 an 7 Meitheamh 2017 lena dtacaítear leis an scéim réitigh do *Banco Popular Español S.A.* (IO L 178, 11.7.2017, lch. 15.)

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) 2018/344 an 14 Samhain 2017 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeán theicniúla rialála ina sonraítear na critéir a bhaineann leis na modheolaíochtaí chun an difríocht sa chaitheamh i réiteach a luacháil (IO L 67, 9.3.2018, lch. 3).

⁽⁵⁾ Fuair an SRB cóip bhog de Thuarascáil Luacháil 3 trí ríomhphost an 13 Meitheamh 2018. Léirítear i dTuarascáil Luacháil 3 na hathruithe a rinneadh uirthi le hAguisín de chuid Deloitte nach raibh ach botúin chléreachais ceartaithe inti, mar a fuair an BRA trí ríomhphost an 31 Iúil 2018.

D'fhonn go bhféadfadh an BRA a chinneadh deiridh a dhéanamh maidir le cé acu an gá cúiteamh a dheonú, iarrann an BRA, tríd an bhFógra, ar na Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo an spéis atá acu a chur in iúl maidir lena gceart éisteachta a chur i bhfeidhm i ndáil leis an réamhchinneadh thuas ón BRA, tríd an nós imeachta comhairliúcháin a leanúint agus go sonrach clárú trí fhoirm thiomnaithe ar líne mar a thuairiscítear thíos.

Tá dhá chéim sa nós imeachta comhairliúcháin:

- (i) An chéad chéim, ina n-iarrfar ar Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo spéis a chur in iúl maidir lena gceart éisteachta a chur i bhfeidhm; agus
- (ii) An dara céim, ina mbeidh na Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo a chuir an spéis atá acu in iúl sa chéad chéim a gceart éisteachta a chur i bhfeidhm, agus a raibh a stádas fíoraithe ag an BRA acu, in ann a gcuid tuairimí a chur isteach ar an bhFógra a ghabhann le Tuarascáil Luacháil 3.

Iarrtar ar Scairsealbhóirí agus Creidiúnaithe a mBaineann sé leo ar spéis leo an spéis sin a chur in iúl maidir lena gceart éisteachta a fheidhmiú trí fhoirm chláraithe thiomnaithe ar líne a úsáid, rud a bheidh ar fáil go dtí an **14 Méan Fómhair 2018** (12:00 meán lae, am na Bruiséile). Ní chuirfear san áireamh aon léiriú spéise a chuirtear isteach trí mheán eile nó tar éis an spriocdháta thuasluaite.

Tá tuilleadh faisnéise ar an bhFógra ón BRA agus ar Thuarascáil Luacháil 3 le fáil ar láithreán gréasáin oifigiúil de chuid BRA: <https://srb.europa.eu/en/content/banco-popular>
